DEPARTMENT OF EDUCATION
An Roinn Oideachais
Mànrachd o Leas

INVESTOR IN PEOPLE

ACHOIMRE TAIGHDE

ISSN 1366-803X

RB 4/2002 **Aibreán 2002**

TORTHAÍ DALTAÍ A FUAIR GAELSCOLAÍOCHT

Eochairphointí

- Bhí gnóthachtáil acadúil na n-iardhaltaí a bhí ar Gaelscoileanna níos airde ná mar a bheifí ag dúil leis, nuair a bhreathnaítear air i gcomhthéacs phatrúin na gnóthachtála i measc daoine san aoisghrúpa céanna.

- Bhí claonadh ann go raibh tuairimí dearfacha ag iardhaltaí Gaelscoileanna i dtaobh earnáil na Gaeilge agus na taithí s'acu agus iad ar Gaelscoileanna ach ba éagsúla na tuairimí maidir lena dtaithí ar an oideachas tríd an Bhéarla.

- I measc na n-agallaithe ba mhór an gealltanas a bhí ann le coincheap na Gaeilge agus an chultúir, agus bhí gné láidir 'ceannródaíoch' le sonrú ann - go háirithe ina measc siúd a raibh baint acu le hearnáil na Gaelscolaíochta le linn na mblianta tosaigh.

Northern Ireland Statistics & Research Agency

© Crown Copyright 2002

- Cuireadh síos ar an chaidreamh idir na scoileanna agus na húdaráis oifigiúla oideachais ar dhóigh dhiúltach go ginearálta. Is cosúil go raibh an mhórchuid den teannas ann san am a chuaigh thart.

- Is é a thagann aníos as an staidéar go raibh earnáil bheag ach láidir ann a chuaigh trí thréimhse fhada achrainn lena cur ar bun ar bhonn inbhuanaithe.

Réamhrá

1. Go mall sna 1960í bhunaigh grúpa beag gaeilgeoirí pobal beag Gaeilge ar imeall Bhéal Feirste Thiar. Ba é ba chuspóir dóibh comhspéis shóisialta, chultúrtha agus teanga a fhorbairt. Ba é an chéad chéim loighiciúil eile a bhí ann bunscoil Ghaeilge a bhunú dá gcuid páistí, rud a tharla nuair a bunaíodh Bunscoil Feirste i 1969. De réir mar a chuaigh na páistí in aois is é ceist an iar-bhunoideachais an chéad cheist eile a tháinig aníos.

2. Rogha amháin a bhí acu na páistí a chur chuig ceann de na scoileanna Gaeilge i bPoblacht na hÉireann, ach ar fháth amháin nó ar fháth eile ba é a rogha féin é meánscoil Ghaeilge a bhunú. Theip ar an chéad iarracht i ndiaidh dhá bhliain ach d'éirigh le hiarracht níos moille anonn. Le himeacht aimsire mhéadaigh líon na scoileanna agus na ndaltaí go seasta agus lean aitheantas oifigiúil - agus maoiniú - an méid sin.

3. Tugadh aitheantas don Ghaelscolaíocht go foirmiúil laistigh de Chomhaontú Aoine an Chéasta. Bhí 17 bunscoil Ghaeilge agus dhá mheánscoil Ghaeilge ann i 1998 agus sa scoilbhliain 1996/97 bhí corradh le 1,000 dalta ar na scoileanna seo.

Príomhthorthaí

4. Maíonn an suirbhé ar iardhaltaí gurbh airde gnóthachtáil acadúil Gaelscoileanna ná mar a bheifí ag súil leis nuair a cuireadh i gcodarsnacht phatrúin an mhórphobail le linn na tréimhse céanna. B'fhíor sin do ghnóthachtáil scolairí ag 16 bliain agus 18 bliain d'aois. Thug an suirbhé faill do fhreagróirí tuairimí cáilíochtúla a thabhairt. Bhí claonadh ag na tuairimí bheith iontach tacúil i dtaobh earnáil na Gaelscolaíochta, bhí siad dearfach go ginearálta faoin taithí a bhí ag na scolairí agus iad ar Ghaelscoileanna agus b'éagsúla an taithí a bhí acu agus iad ar mheánscoileanna Béarla. Tháinig gnéithe de na téamaí sin aníos arís sna sonraí agallaimh.

5. Cuireadh agallaimh ar thrí phríomhchatagóir freagróirí. Is é a bhí sa chéad ghrúpa roinnt de chéadbhunaitheoirí an phobail Ghaeilge i mBéal Feirste Thiar as ar eascraíodh an chéad Ghaelscoil. Is é a bhí sa dara catagóir freagróirí, a bhain leis an chéad cheann fosta, múinteoirí agus iarmhúinteoirí ó Ghaelscoileanna. Is é a bhí sa tríú catagóir iardhaltaí na scoileanna, an mhórchuid acu a fuair bunscolaíocht Ghaeilge agus méanscolaíocht Bhéarla.

6. Ba choitianta amach na téamaí a d'éirigh as na hagallaimh uile. Níorbh iontas ar bith é go raibh ceangal láidir ann, agus atá ann go fóill do mhórán, idir coincheap na Gaeilge agus an chultúir. Do mhórán, go háirithe dóibh siúd a raibh baint acu leis sna blianta tosaigh bhí gné láidir na ceannródaíochta le sonrú ann maidir leis an ghaol leis na scoileanna agus dhearc siad orthu féin mar dhaoine a bhí ag obair go gníomhach chun oidhreacht chultúrtha a chaomhnú a bhí luachmhar agus a raibh baol ann go rachfadh sí i léig. Do na freagróirí, áfach, níorbh é paróisteachas cúng caolaigeanta toradh na béime ar Ghaelachas ach, d'aitigh siad, gur leag sé dúshraith i leith tuiscint níos fearr ar ilchineálacht chultúrtha.

7. Cuireadh leis an mhothú gur ceannródaithe iad, b'fhéidir, de bhithín go raibh brú ar na scoileanna ó thaobh ábhar agus airgid de sna blianta sula raibh aitheantas, agus maoiniú, ar fáil. Dúirt na múinteoirí linn go raibh orthu ní amháin curaclam a dhéanamh ach mórchuid na n-ábhar don churaclam a dhéanamh fosta. Chuir iardhaltaí síos ar an dóigh a raibh a dtuismitheoirí páirteach go gníomhach sna scoileanna idir bhailiú airgid agus na tascanna níos leadranaí cothabhála a bhí riachtanach.

8. Léiríodh arís agus arís eile ciall do bhaint an mhórphobail a bhí mar eochairghné de thaithí na Gaelscolaíochta, agus is féidir go míníonn seo ar bhealach, mar aon leis an timpeallacht shaibhir teanga, de réir cosúlachta, a bhí sna seomraí ranga gaelscolaíochta, ardleibhéil ghnóthachtála acadúla a tuairiscíodh sa suirbhé.

9. Chuir na freagróirí uile éagsúlacht chaidrimh le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí lasmuigh de na scoileanna. I roinnt cásanna bhí na caidrimh seo thíos seal thuas seal mar a bhí, mar shampla, idir na scoileanna agus na húdaráis Chaitliceacha. Cé nár dhearfach i gcónaí an caidreamh seo bhí nascanna láidre dearfacha idir na scoileanna agus ionadaithe ar leith san éaglais.

10. Cuireadh síos ar an chaidreamh idir na scoileanna agus na húdaráis oifigiúla oideachais i dtéarmaí diúltacha go ginearálta. Is cosúil go raibh an mhórchuid den teannas ann san am a chuaigh thart ach ba léir go raibh amhras le sonrú ann go fóill i roinnt cuntas. Is féidir, leoga, gur chuir sé sin leis na deacrachtaí a bhain le daoine a aimsiú a bheadh páirteach sa suirbhé seo.

11. Is é an téama is láidre den iomlán a léiríodh sa staidéar ná go raibh earnáil bheag ach láidir ann a chuaigh trí thréimhse fhada achrainn lena cur ar bun ar bhonn inbhuanaithe. Maíonn fianaise na bhfreagróirí gur mhothaigh na daoine úd a bhí páirteach sna Gaelscoileanna, mar dhaltaí go háirithe, gur bhain siad tairbhe as an taithí seo. Is cosúil go bhfuil an dearcadh, sa mhéid is gur féidir leis an ráiteas seo a mheas, deimhnithe ag na foinsí éagsúla fianaise ar éirigh leis na taighdeoirí bailiú le chéile don suirbhé seo.

Modheolaíocht

12. Is é an cuspóir a bhí leis an suirbhé seo fianaise a bhailiú ar bhunú, ar fhorbairt agus ar iarmhairtí na nGaelscoileanna. Úsáideadh trí fhoinse fianaise mar a bhí:

- Bunachar sonraí iardhaltaí a bhí curtha i dtoll a chéile;
- Suirbhé tríd an phost ar iardhaltaí a chríochnaigh oideachas éigeantach sa dóigh gur féidir sonraí a fháil ar ghnóthachtáil san oideachas agus ar chinn scríbe iarscoile; agus
- Sraith grinnagallamh le bunaitheoirí, múinteoirí agus iardhaltaí Gaelscoileanna.

13. Bhí ráta íseal freagartha ann don suirbhé tríd an phost agus tharla sé gur dhoiligh iardhaltaí a mhealladh le haghaidh agallaimh. Ar an ábhar sin ní mór amharc ar na sonraí sin sa tuairisc go cúramach agus ní mór í a ghlacadh mar eiseamláir léiritheach ar an taithí i nGaelscoileanna seachas measúnú críochnúil agus ionadaíoch. Agus an rabhadh seo curtha san áireamh tá na príomhchonclúidí a tháinig amach as an staidéar a bheag nó a mhór dearfach.

14. Chun go rabhthas ábalta suirbhé a dhéanamh ar iardhaltaí cuireadh bunachar sonraí i dtoll a chéile ag úsáid taifid scoile agus gréasáin eile. Bhí 240 dalta ar an bhunachar sonraí deireanach. As an iomlán, fuair beirt iardhaltaí bás agus ní rabhas in ann teacht ar 22 acu. Fágadh sin go raibh 216 iardhalta mar spriocbhunachar sonraí don suirbhé poist. Cuireadh na foirmeacha suirbhé sa phost i Lúnasa 1998 le clúdach, stampa agus seoladh air. Cuireadh ceistneoir eile amach i Meán Fómhair 1998. Cuireadh ar ais 85 (39%) ceistneoir a bhí inúsáidte agus iniúchadh iad.

An Tionscadal

15. Rinne Tony Gallagher agus Eamon Hanna an tionscadal taighde don Roinn Oideachais ar a bhfuil an achoimre bunaithe. Ba é £14,580 costas an tionscadail.

Tuairisc

16. Tá an tuairisc iomlán dar teideal “Torthaí daltaí a fuair Gaelscolaíocht” ar fáil ón Roinn Oideachais, £5[1] an praghas.

Is achoimre an páipéar seo ar thuairisc taighde, agus mar sin, is leis na húdair barúil ar bith a nochtadh agus ní leis an Roinn Oideachais iad.

1. Tá gach institiúid oideachais agus gach leabharlann i dteideal cóip amháin saor in aisce.

ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS (Ó 1998 AR AGHAIDH)

Science at Key Stage 4	RB 2/1998
Department of Education funded research 1997/1998	RB 3/1998
Practice in mainstream schools for children with special educational needs	RB 5/1998
An evaluation of the Craigavon two-tier system	RB 6/1998
Northern Ireland suspension and expulsion study 1996/1997	RB 1/1999
Supporting newly qualified teachers in post-primary schools	RB 2/1999
Literature review: integrated education in Northern Ireland	RB 3/1999
Department of Education funded research 1998/1999	RB 4/1999
Women in teaching: equal opportunities	RB 5/1999
Three years later: a follow-up survey of teachers who qualified in 1995	RB 1/2000
Immersion education: a literature review	RB 2/2000
From pre-school to school: a review of the research literature	RB 3/2000
Tionchar chóras roghnach an mheánoideachais i dTuaisceart Éireann	RB 4/2000
Department of Education funded research 2000/01	RB 1/2001
Assessment of the effectiveness of the Youth Service Community Relations Support Scheme (YSCRSS) during 1998/1999 and 1999/2000, in relation to the needs of youth and community groups	RB 2/2001
An investigation of the provision for health education in schools during 1998/99	RB 3/2001
Careers provision in schools at Key Stages 3 and 4	RB 1/2002
Evaluation of Raising School Standards Initiative (RSSI) using Value Added measures of school performance	RB 2/2002
Literature review: effectiveness of different forms of interventions in the schools and youth sectors	RB 3/2002

CUSPÓIR ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS

Is mór ag an Roinn Oideachas (RO) scaipeadh forleathan torthaí taighde chun cinntiú go n-imríonn sé an tionchar is mó ar pholasaí agus ar chleachtas san oideachas. Tá Achoimrí Taighde na RO deartha chun torthaí taighde tarraingteacha, suimiúla agus soiléire a chur ar fáil do lucht déanta polasaí, taighdeoirí, múinteoirí, léachtóirí, fostóirí agus don phobal chun plé eolach ar cheisteanna oideachais a éascú. Ní féidir le taighde cinneadh a dhéanamh ar son lucht déanta polasaí agus ar son daoine eile a bhfuil dúil acu cáilíocht an oideachais a fheabhsú. Ná ní féidir leis féin an t-athrú a thabhart i gcrích. Is féidir leis, áfach, dúshraith níos fearr a leagan síos le haghaidh cinnithe trí eolas agus mhíniú a thabhairt ar chleachtas oideachais agus trí smaointe agus réamhthuairimí a cheistiú agus a shoiléiriú.

Is féidir teacht ar an réimse iomlán Achoimrí Taighde ar líonláithreán na RO – www.deni.gov.uk

Is féidir Achoimrí Taighde a fhótachóipeáil le húsáid laistigh de d'institiúid féin.

Is féidir roinnt cóipeanna breise a fháil ó:

Brainse Staitisticí agus Taighde
Seomra G2, An Foirgneamh Nua
An Roinn Oídeachais
Teach Rath Gael
Bóthar Bhaile Aodha
Beannchar
Co. an Dúin
BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9391
Facs: 028 9127 9594
r-phost: statistics2@deni.gov.uk

Arna chur in eagar agus arna sholáthar ag an Bhrainse Staitisticí agus Taighde, An Roinn Oideachais